Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11497/22**

**EF 217**
**ECOFIN 747**
**DELACT 130**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 4836 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 13.7.2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena leagtar amach teimpléad conarthach le haghaidh conarthaí leachtachta i dtaobh scaireanna eisitheoirí a ligtear ionstraimí airgeadais dá gcuid isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 4836 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 4836 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2022
C(2022) 4836 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13.7.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena leagtar amach teimpléad conarthach le haghaidh conarthaí leachtachta i dtaobh scaireanna eisitheoirí a ligtear ionstraimí airgeadais dá gcuid isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2019/2115 maidir le húsáid margaí fáis FBM a chur chun cinn, tugtar sainorduithe do ÚEUM dréachtchaighdeán teicniúil rialála (RTS) a chur faoi bhráid CE agus teimpléad conarthach ann le haghaidh conradh leachtachta atá ar fáil d'eisitheoirí a ligtear ionstraimí airgeadais dá gcuid isteach chun a dtrádála ar mhargaí fáis (MFanna) FBM agus a soláthraithe leachtachta. Féachann Airteagal 13 de Rialachán (AE) 596/2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh nó MAR) le forbairt a dhéanamh ar na coinníollacha d'eisitheoirí ar FBManna iad chun conarthaí leachtachta a dhéanamh, conarthaí a bheadh faoi réir ag córas comhchosúil leis na córais a bunaíodh faoi chuimsiú cleachtas aitheanta margaidh (AMP) in MAR, de réir Airteagal 13(1) de MAR, gan gá le húdaráis inniúla náisiúnta aon chleachtas aitheanta margaidh den sórt sin a ghlacadh.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne ÚEUM comhairliúchán poiblí idir an 6 Bealtaine agus an 15 Iúil 2020. Ina theannta sin, d'iarr ÚEUM comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí (SMSG) arna bhunú i gcomhréir le hAirteagail 10(1) agus 37(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leagtar amach sa dréachtchaighdeán teicniúil rialála na ceanglais ar cheart do pháirtithe i gconradh leachtachta a chomhlíonadh chun a áirithiú nach bhfuil na daoine sin i mbun cúbláil margaidh. Go háirithe, tá teimpléad conarthach san Iarscríbhinn a ghabhann le dréachtchaighdeán teicniúil rialála ina leagtar amach na ceanglais maidir le comhlíonadh na gcritéar a bhunaítear in Airteagal 13(2) de MAR ar cheart do na páirtithe i gconradh leachtachta a bhaineann le scaireanna eisitheora atá liostaithe i margaí fáis FBM iad a chomhlíonadh chun go gcumhdófar iad faoin bhforáil tearmainn de bhun Airteagal 13 MAR.

Áirítear i dteimpléad conarthach den sórt sin na híoscheanglais arb é is aidhm dóibh cothrom iomaíochta a áirithiú i measc eisitheoirí atá liostaithe ar mhargaí fáis FBM agus gnólachtaí infheistíochta, agus sláine an mhargaidh a chosaint ag an am céanna, agus an tsolúbthacht is gá a choinneáil le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh chun gach conradh a chur in oiriúint do shainiúlachtaí gach cáis aonair. Ba cheart an teimpléad a chomhlánú agus, i gcodanna áirithe, ba cheart do rannpháirtithe sa mhargadh é a choigeartú de réir imthosca an cháis aonair. Seo a leanas cur síos ar na príomhréimsí a chumhdaítear leis an ndréachtchaighdeán teicniúil rialála atá beartaithe.

**An cuntas leachtachta:** foráiltear sa teimpléad conarthach go n-osclófar cuntas leachtachta tiomnaithe le haghaidh chomhlíonadh an chonartha leachtachta. Ba cheart don eisitheoir an cuntas leachtachta a mhaoiniú le méid acmhainní arna shonrú i dtosach, ó thaobh airgid agus scaireanna de, acmhainní a bheidh le húsáid ag an soláthraí leachtachta chun a ghníomhaíocht a dhéanamh.

**Teorainneacha le hacmhainní**, chun idirghníomhaíocht chuí idir fórsaí soláthair agus éilimh a áirithiú, leagtar síos sa teimpléad conarthach teorainneacha le huasmhéid na n-acmhainní is féidir a leithdháileadh ar an gcuntas leachtachta faoin gconradh leachtachta.

**Neamhspleáchas an tsoláthraí leachtachta**. Sonraítear dhá ghné sa chonradh leachtachta: (i) neamhspleáchas an tsoláthraí leachtachta ar an eisitheoir agus (ii) an gá sásraí a bheith i bhfeidhm ag an soláthraí leachtachta lena áirithiú go mbeidh cinntí trádála a bhaineann leis an gconradh leachtachta neamhspleách ar na cinntí a dhéanann deasca trádála, grúpaí trádála nó aonaid trádála eile a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí trádála laistigh den soláthraí leachtach.

**Trádáil an tsoláthraí leachtachta:** Anuas ar na teorainneacha leis na hacmhainní, tá forálacha sa teimpléad conarthach chun a áirithiú nach mbeidh athruithe saorga ar na scairphraghsanna mar gheall ar ghníomhaíocht trádála laethúil an tsoláthraí leachtachta arna déanamh faoi chuimsiú an chonartha leachtachta, ach a mhalairt, go mbeidh tionchar dearfach aici ar leachtacht agus ar éifeachtúlacht an mhargaidh mar atá beartaithe in Airteagal 13(2) de MAR.

**Oibleagáidí an tsoláthraí leachtachta:** D'fhonn faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gclásal a shonraítear sa chonradh leachtachta, áirítear sa teimpléad an dualgas atá ar an soláthraí leachtachta taifid a choimeád ar an idirbheart arna dhéanamh faoin gconradh leachtachta. Ba cheart na hidirbhearta sin a bheith inaitheanta go héasca, agus ba cheart na taifid ghaolmhara a choinneáil ar feadh cúig bliana.

**Struchtúir táillí agus luach saothair:** Leis an teimpléad conarthach, socraítear luach saothair an tsoláthraí leachtachta, ar bhealach nach ndéanann difear dá neamhspleáchas. Is iondúil go mbíonn cuid sheasta agus cuid athraitheach sa luach saothair, agus d'fhéadfadh an dara cuid sin den luach saothair a bheith ina hábhar rioscaí a mhéid a bhaineann le neamhspleáchas an tsoláthraí leachtachta.

**Trédhearcacht:** sainaithnítear sa teimpléad conarthach an oibleagáid a bheith trédhearcach i leith an phobail maidir leis an gconradh leachtachta sula dtagann an conradh i bhfeidhm, fad agus a bhíonn an conradh á chomhlíonadh agus ar dhul in éag dó. Chuige sin, sonraítear sa chonradh na modhanna chun an fhaisnéis ábhartha a fhoilsiú.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13.7.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena leagtar amach teimpléad conarthach le haghaidh conarthaí leachtachta i dtaobh scaireanna eisitheoirí a ligtear ionstraimí airgeadais dá gcuid isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE[1] ón gCoimisiún, agus go háirithe Airteagal 13(13), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 13(12) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 go bhféadfaidh eisitheoirí a ligtear ionstraimí airgeadais dá gcuid isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM, go bhféadfaidh siad conradh leachtachta a dhéanamh dá scaireanna i gcás ina gcomhlíonfaidh na conarthaí sin, *inter alia*, na coinníollacha maidir le cleachtais mhargaidh a bhfuil glacadh leo a leagtar síos in Airteagal 13(2) den Rialachán sin. Áirithítear leis na coinníollacha sin go mbunófar an méid seo a leanas leis na conarthaí leachtachta – ardleibhéal coimircí d'oibriú fhórsaí an mhargaidh, an t-idirghníomhú cuí idir fórsaí an tsoláthair agus an éilimh, tionchar dearfach ar leachtacht agus éifeachtúlacht an mhargaidh agus ceanglaítear leis freisin nach gcruthófar rioscaí do shláine na margaí gaolmhara. An teimpléad conarthach le haghaidh conarthaí leachtachta dá bhforáiltear iontu sin agus arb aidhm dó a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha sin, leagtar síos leis an teimpléad sin na heilimintí íosta ba cheart a bheith i gconradh leachtachta, ar a n-áirítear na heilimintí sin a mhéid a bhaineann leis an trédhearcacht don mhargadh agus le feidhmiú na bhforálacha maidir le leachtacht. Tá an tsaoirse ag na páirtithe clásail bhreise a chur isteach chun sainiúlachtaí an cháis aonair a chur san áireamh, i gcomhréir lena saoirse chonarthach.

(2) Acmhainní eisitheora a ligtear a ionstraimí airgeadais dá chuid isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM agus a ndéantar iad a leithdháileadh chun conradh leachtachta a chur i gcrích i dtaobh scaireanna an eisitheora sin, ba cheart na hacmhainní sin a bheith inaitheanta láithreach. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a bheith ann sa chonradh leachtachta maidir le cuntas leachtachta tiomnaithe a oscailt. Tá gá le cuntas leachtachta tiomnaithe den sórt sin chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an chonartha leachtachta agus chun a áirithiú, i dtaca leis an trádáil a dhéanfar chun críocha an chonartha leachtachta, go mbeidh an trádáil sin scartha ó ghníomhaíochtaí

[1] IO L 173, 12.6.2014, lch. 1.

trádála eile a dhéanfaidh an soláthraí leachtachta, agus ar an gcaoi sin go n-íoslaghdófar na rioscaí a bhaineann le coinbhleachtaí leasa. Ba cheart méid acmhainní idir airgead agus scaireanna, ar cheart iad a shonrú sa chonradh leachtachta, a bhronnadh ar an gcuntas leachtachta sin. Níor cheart acmhainní den sórt sin a úsáid ach amháin chun an conradh leachtachta a chomhlíonadh.

(3) Na hacmhainní a leithdháiltear ar an gconradh leachtachta (‘teorainneacha acmhainní’), ba cheart iad a bheith i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014. Ar an gcúis chéanna, ba cheart an trádáil a dhéanfaidh an soláthraí leachtachta a bheith faoi réir teorainneacha praghais agus méide, a íoslaghdódh, in éineacht le teorainneacha acmhainní, an riosca go dtiocfadh athruithe saorga ar an scairphraghas mar gheall ar an soláthar leachtachta agus go gcuirfeadh sé, ag an am céanna, an trádáil rialta i scaireanna neamhleachtacha chun cinn.

(4) Faoi chleachtais margaidh a raibh glacadh leo roimhe seo maidir le conarthaí leachtachta, tá anailís déanta ag na húdaráis inniúla ar mheánláimhdeachas na trádála sna scaireanna a liostaítear ar mhargaí fáis FBM. Léiríodh san anailís sin gur cheart teorainneacha acmhainní a bheith ag brath ar phróifíl leachtachta na scaireanna lena mbaineann (scaireanna leachtacha *vs* scaireanna neamhleachtacha) agus gur cheart, i dtaca leis na teorainneacha acmhainní, an ghníomhaíocht trádála a tharlaíonn ar an margadh lena mbaineann a chur san áireamh. Bunaithe ar an anailís sin, is iomchuí foráil a dhéanamh, sa chonradh leachtachta, maidir le teorainneacha acmhainní a shocraítear mar chéatadán den mheánláimhdeachas laethúil i gcás na scaire lena mbaineann, agus an céatadán sin calabraithe ar bhonn phróifíl leachtachta na scaire agus é caidhpeáilte chun aon tionchar diúltach a bheadh ag an gconradh leachtachta ar shláine an mhargaidh agus ar fheidhmiú ordúil an mhargaidh a sheachaint. Chun foráil a dhéanamh maidir le soláthar éifeachtach leachtachta i gcás ina bhfuil an meánláimhdeachas laethúil íseal, ba cheart feidhm a bheith ag tairseach aonair le haghaidh acmhainní an chonartha leachtachta.

(5) Ba cheart a áirithiú le teorainneacha praghais nach dtiocfaidh athruithe saorga ar na scairphraghsanna mar gheall ar ghníomhaíocht trádála a dhéanann an soláthraí leachtachta faoi chuimsiú an chonartha leachtachta nuair is ann do leas trádála neamhspleách.

(6) Ba cheart a áirithiú le teorainneacha méide nach sáróidh trádálacha an tsoláthraí leachtachta céatadán uasta den mheánláimhdeachas laethúil i gcás scaireanna neamhleachtacha agus leachtacha. Is iomchuí ríomh an mheánláimhdeachais laethúil sin a bhunú ar na 20 lá trádála roimh an lá trádála. An ríomh sin, is léiriú iomchuí é ar an trádáil sa scair lena mbaineann, toisc gur léargas meántéarmach é, agus go gcuimsíonn sé éifeacht na mbuaiceanna trádála in aon seisiún amháin trádála nó i gcúpla seisiún trádála.

(7) Chun na rioscaí a bhaineann le drochúsáid mhargaidh a laghdú, i ngnáthchúinsí margaidh, ba cheart a fhoráil sa chonradh leachtachta gur cheart don soláthraí leachtachta orduithe trádála a iontráil ar dhá thaobh an leabhair orduithe, ach amháin i gcásanna eisceachtúla ina gcuirfí bac ar ghnáthfheidhmiú an mhargaidh. Ar an gcúis chéanna, orduithe atá mór ó thaobh scála de agus idirbhearta caibidlithe, ba cheart iad a bheith laistigh de raon feidhme an chonartha leachtachta, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe a bhaineann le forghníomhú orduithe den sórt sin agus nach dtarlaíonn na trádálacha sin ach i gcásanna eisceachtúla. D’fhéadfadh cásanna eisceachtúla den sórt sin tarlú, ag pointe ama sonrach, tráth nach féidir leis an

soláthraí leachtachta leachtacht a sholáthar faoin gconradh mar gheall ar choibhneas na n-acmhainní airgid i gcoinne na n-acmhainní ar scaireanna iad atá ar fáil don soláthraí leachtachta.

(8) Ba cheart a chur de cheanglas sa chonradh leachtacht go gcomhlíonfaidh an soláthraí leachtachta a chonradh leachtachta ar mhodh a bheidh neamhspleách ar eisitheoir na scaire lena mbaineann agus ar chinntí trádála deasc trádála, grúpaí trádála nó aonad trádála eile laistigh den soláthraí leachtachta a théann i mbun gníomhaíochtaí trádála i dtaobh na scaire sin nó i dtaobh ionstraimí airgeadais a mbraitheann a bpraghas nó a luach ar phraghas nó ar luach na scaire lena mbaineann nó a bhfuil tionchar aige ar phraghas nó ar luach na scaire lena mbaineann. An soláthraí leachtachta a bheith neamhspleách ar an gcaoi sin, is rud riachtanach é chun rioscaí do shláine an mhargaidh a sheachaint.

(9) Chun aon rioscaí do shláine agus d'fheidhmiú ordúil an mhargaidh fáis FBM lena mbaineann a sheachaint, ba cheart luach saothair athraitheach an tsoláthraí leachtachta a theorannú. Ina theannta sin, chun cothrom na Féinne a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag na teorainneacha sin ar bhealach comhsheasmhach maidir le gach conradh leachtachta a dhéanann eisitheoirí a ligtear ionstraimí airgeadais dá gcuid isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM. Ba cheart na huasteorainneacha don chuid athraitheach den luach saothair, áfach, a shocrú ag céatadán réasúnta den luach saothair iomlán chun foráil a dhéanamh maidir le dreasacht don soláthraí leachtachta an conradh a chomhlíonadh mar is ceart, gan bheith chomh substaintiúil sin agus go dtabharfadh sí dreasú d'iompraíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina riosca do shláine agus d'fheidhmiú ordúil an mhargaidh lena mbaineann.

(10) Áirithítear sláine an mhargaidh agus cosaint infheisteoirí le trédhearcacht i ndáil leis na conarthaí leachtachta. Le gur féidir le rannpháirtithe eile sa mhargadh cinneadh eolasach a dhéanamh faoi na scaireanna atá faoi réir an chonartha leachtachta, ba cheart foráil a dhéanamh sa chonradh leachtachta maidir le hoibleagáidí trédhearcachta lena gcumhdaítear na céimeanna éagsúla den soláthar leachtachta, eadhon roimh theacht i bhfeidhm an chonartha leachtachta, lena linn agus tar éis a fhoirceannta. I ndáil leis sin, is gá páirtí amháin a shainaithint, páirtí a bheidh i gceannas ar na hoibleagáidí trédhearcachta. Le go mbeadh sé níos fusa don phobal faisnéis a bhailiú i dtaobh na scaireanna lena mbaineann, ba cheart gurbh é an páirtí sin an t-eisitheoir agus ba cheart dó an fhaisnéis ábhartha a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.

(11) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí.

(12) Rinne an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2],

---

2 Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n- aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Teimpléad le haghaidh conradh leachtachta**

Chun conradh leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 13(12) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 a dhéanamh, eisitheoirí a ligtear ionstraimí airgeadais dá gcuid isteach chun a dtrádála ar mhargadh amháin, nó níos mó, de mhargaí fáis FBM, úsáidfidh siad an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13.7.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*